Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14621/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0367(BUD)**

FIN 1090

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 |

**IARSCRÍBHINN**

2023/0367 (BUD)

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[1], agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

– glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2023 go cinntitheach an 23 Samhain 2022[2];

– thíolaic an Coimisiún togra, an 11 Deireadh Fómhair 2023, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2023;

[1] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[2] IO L 58, 23.2.2023, lch. 1.

– ar mhaithe le go nglacfadh Parlaimint na hEorpa an dréachtbhuiséad leasaitheach sin go tráthúil roimh dheireadh na bliana airgeadais 2023, ní mór don Chomhairle dul ar aghaidh gan mhoill agus a seasamh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4 a ghabhann le buiséad ginearálta na bliana 2023 a ghlacadh. Dá bhrí sin, tá bonn cirt le foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

Rinneadh an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 a ghlacadh an 9 Samhain 2023.

Tá an téacs iomlán[1] ar fáil le haghaidh comhairliúcháin nó le híoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle:

https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/public-register/publicregister-search/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

1 14622/23 + ADD 1.